

Bileog 7.1a**Cúrsaí Gaeltachta****Stór focal**

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht cur síos a thabhairt ar na focail thíos.

Gaeltacht
Teangeolaíocht
Teanga oifigiúil

Breac-Ghaeltacht
Gaelscoil

Teanga dhúchais
Mionteanga

Cúrsaí Gaeltachta**Fíricí**

Féach ar na ceisteanna seo thíos agus roghnaigh an freagra cuí ar gach ceist as na freagraí tugtha. Nuair a bheidh tú críochnaithe, féach an raibh na freagraí céanna ag an duine in aice leat.

1. Seo thíos léarscáil le teorainneacha na nGaeltachtaí uirthi. Cén bhliain lena mbaineann sí?



(a) 1996

(b) 1956

(c) 1926

2. Glacadh le Ráth Cairn agus Baile Ghib na Mí mar chuid oifigiúil den Ghaeltacht sa bhliain:

(a) 1932

(b) 1967

(c) 1945

3. Cén céatadán de dhaonra Phoblacht na hÉireann (4 mhilliún) atá sna Gaeltachtaí?

(a) 2.1%

(b) 25%

(c) 0.2%

4. Cén t-ainm atá ar an cheantar Gaeilge i mBéal Feirste?

(a) An Cúigiú Cúige

(b) An Ceathrú Gaeltachta

(c) An Ceantar Gaeilge

5. Tá sé deimhnithe go dtógfar 40 teach i mBaile Átha Cliath dóibh siúd a bhfuil fonn orthu cónaí i gceantar Gaeilge i gcroílár na cathrach. Cá bhfuil sé seo go díreach?

(a) Baile Munna

(b) Baile Bhlainséir

(c) Baile Phib

6. Cad é an Paróiste is mó Gaeltachta sa tír?

(a) Ros Muc

(b) An Daingean

(c) Gaoth Dobhair

7. Cén céatadán den Ghaeltacht ar fad atá i nGaeltacht Chiarraí?

(a) 0.9%

(b) 99%

(c) 9%

© Ollscoil Mhá Nuad

Bileog 7.1b

Cúrsaí Gaeltachta

Plé

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus pléigí na ceisteanna seo thíos:

1. An raibh tú riamh sa Ghaeltacht? Cén Ghaeltacht? Cén fáth a raibh tú ansin?
2. An bhfuil muintir na Gaeltachta éagsúil ó mhuintir na Gallachta, dar leat? Cén tslí?
3. An gcaitheann muintir na Gaeltachta go maith leo siúd a théann chun na Gaeltachta leis an Ghaeilge a fhoghlaim, dar leat?
4. An féidir leis an Ghaeilge a bheith beo má fhaigheann sí bás sna Gaeltachtaí, dar leat?
5. Ar cheart cosc a chur ar thógáil tithe saoire sna Gaeltachtaí?
6. Cad a cheapann tú faoi úsáid an Bhéarla i gcaint nádúrtha na Gaeltachta?



Cúrsaí Gaeltachta**Filíocht**

Léigh an dán seo leis an duine in aice leat agus pléigí na ceistanna ar dheis le chéile.

Fill Arís

Fág Gleann na nGealt thoir,
Is a bhfuil d'aois seo ár dTiarna i d'fhuil,
Dún d'intinn ar ar tharla
Ó buaileadh Cath Chionn tSáile,
Is ón uair go bhfuil an t-ualach trom
Ia an bóthar fada, bain ded' mheabhair
Srathar shibhialtacht an Bhéarla,
Shelly, Keats is Shakespeare:
Fill arís ar do chuid,
Nigh d'intinn is nigh
Do theanga a chuaigh ceangailte i gcomhréiribh
'Bhí bunoscionn le d'éirim:
Dein d'fhaoistin is dein
Síocháin led ghiniúint féinig
Is led thigh-se féin is ná tréig iad,
Ní dual do neach a thigh ná a threabh a thréigean.
Téir faobhar na faille siar tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne,
Is chífir thiar ag bun na spéire ag ráthaíocht ann
An Uimhir Dhé, is an Modh Foshuiteach,
Is an tuiséal gairmeach ar bhéalaibh daoine:
Sin é do dhoras,
Dún Chaoín fé sholas an tráthnóna,
Buail is osclófar
D'intinn féin is do chló ceart.

1. Cé a scríobh an dán seo?
2. Cad atá ar eolas agat faoin fhile?
3. An bhfuil téama an dáin seo chomh tábhachtach anois is a bhí le linn shaol an fhile (1917 -1977)? Cén fáth?

Teanga

- (a) Cuir líne faoi chomharthaí canúna na Mumhan sa dán.
- (b) Tá a lán samplaí den mhodh ordaitheach sa dán. Cad iad? Cuir 'Ar mhiste leat. . .' roimh na samplaí anois.
- (c) Tabhair samplaí de na huaireanta a bhaintear úsáid as 'Ar mhiste?' agus na hamanna a úsáidtear an modh ordaitheach.

Bileog 7.2a

An dátheangacha

Plé/Stór focal

Seo an chéad líne d'alt ón *Irish Times* a bheidh tú ag léamh ar ball - **‘Tá síceolaithe agus teangeolaithe ag cur suime anois sa bhaint atá ag teangacha leis na mothúcháin.’**

Cad é ábhar an ailt dar leat? Pléigh leis an duine in aice leat.

Anois léigí an t-alt – nuair a bheidh sibh ag léamh, déanaigí iarracht brí na bhfocal seo a aimsiú trí chomhthéacs an ailt:

tuin	leoga	friotal	tnáitheadh
Pléimeannais	tumoideachas	imircigh	

An dátheangachas

(Cuid A)

Léamh

Anois léigí an sliocht don dara huair. Agus sibh ag léamh cuirigí an fhoirm cheart de na focail thíos sa tuiséal ginideach, uimhir uatha. Tá bearnaí difriúla le líonadh ag an bheirt eile taobh libh - beidh sibh ag plé na bhfocal ar fad le chéile ar ball.

- | | | |
|--------------|-----------------|---------------------|
| 1. an chaint | 2. an Ghearmáin | 3. an Ostair |
| 4. an gátar | 5. an Béarla | 6. an Phléimeannais |
| 7. an duine | 8. an uair | 9. an scéal |

Is ionann an teanga dhúchais agus teanga an chroí



*Tugann teangacha eolas an bhealaigh dúinn ach tá níos mó ná sin i gceist leo; cuireann teangacha mothúcháin in iúl agus tá síceolaithe agus teangeolaithe ag cur suime anois sa bhaint idir teangacha agus mothúcháin. Tuairisc le **Torlach Mac Con Midhe***

Cuid A

Tá síceolaithe agus teangeolaithe ag cur suime anois sa bhaint atá ag teangacha leis na mothúcháin. Is fios cheana go gcuirtear na mothúcháin in iúl tríd an chaint. Má tá fearg ar dhuine, nó má tá brón air, tuigfead é sin ó thuin (1) _____ aige. Beidh tocht ina ghlór, nó beidh sé ag caint os ard, nó beidh a ghlór ag croitheadh. Is féidir le duine a chuid mothúchán a chur i bhfocail freisin, agus é ag rá go bhfuil brón air, nó fearg, nó a leithéid. Tugann an chaint deis dúinn ár mothúcháin a aithint. Leoga, is deacair dúinn go minic ár mothúcháin a aithint, muna gcuirimid friotal orthu sa chaint.

De ghnáth, cuireann daoine na mothúcháin in iúl ar an bhealach is fearr ina dteanga dhúchais. Is mar sin a deirtear gurbh í 'teanga an chroí' an teanga dhúchais. Ach is féidir le duine dara teanga a fhoghlaim chomh maith sin go gcuireann sé a chuid mothúchán i bhfriotal inti freisin. Ní hamháin sin, ach bíonn mothúcháin ag daoine faoi theangacha, faoi na teangacha a labhraíonn siad, nó a bhfuil aithne acu orthu. Is féidir fuath bheith ag duine do theanga áirithe, nó grá bheith aige do theanga.

Muna maith linn ár dteanga dhúchais, tig linn í a chaitheamh uainn. Tarlaíonn sin go minic. Sin mar a rinne na Giúdaigh a theith ón Ghearmáin agus ón Ostair i réim na Naitsithe. Chaitheadar an Ghearmáinis uathu, toisc fearg bheith orthu nár sheas muintir (2) _____ ná (3) _____ leo in am (4) _____. Chuaigh siad i muinín (5) _____, más sna Stáit Aontaithe a fuairadar dídean agus saol nua, nó na Spáinnise, más go dtí an Airgintín a chuarad.

Bíonn éifeacht áirithe ag na mothúcháin faoi theangacha ar chumas na dteangacha sin, agus sin ar dhá bhealach: mar a éiríonn le daoine teanga nua a fhoghlaim; agus mar a tharlaíonn tnáitheadh nó cailliúint na teanga dúchais san imirce. Má tá ort teanga éigin a fhoghlaim, agus muna maith leat an teanga sin nó lucht a labhartha, is go dona a fhoghlaiméoidh tú í. Sa Bheilg, tír ina mbíonn Pléimeannais á labhairt ag dream amháin agus Fraincis ag an dream eile, bíonn ar na daltaí scoile sa dá chuid den tír an teanga eile a fhoghlaim. Ach is fuath le lucht (6) _____ an Fhraincis, agus is leasc le lucht na Fraincise Pléimeannais a fhoghlaim. Mar sin, is minic nach bhfoghlaimíonn siad teanga (7) _____ eile, agus sin cúis amháin go bhfuil an Bheilg ag titim as a chéile i láthair (8) _____.

I gCeanada, glacann lucht na Fraincise leis gurbh é an Béarla an teanga idirnáisiúnta, ach is fuath lena lán de lucht an Bhéarla an Fhraincis - fiú muna ndeir siad os ard é. Tá éirithe go maith ag tumoideachas na Fraincise do lucht an Bhéarla (tá sé sa bhfaisean le fada don mheán agus don uasalaicme) ach ní dhéanann an t-oidéachas seo daoine dátheangacha don saol. Is iad lucht na Fraincise a fhoghlaimíonn Béarla go fóill agus a chleachtann é, ní a mhalairt. Teagasc (9) _____: ní féidir teanga a mhúineadh gan bacadh leis na mothúcháin a bhaineann léi i measc an lucht foghlamtha.

Tagann ceist theanga dhúchais á tnáitheadh is á cailliúint go dtí an barr nuair a bhíonn imircigh i gceist agus bíonn orthu a bheith dátheangach chun maireachtáil ina dtír nua. Tá a fhios ag cách gur deacair d'inimircigh i ngach áit sa Domhan Thiar a dteanga dhúchais a choimeád beo agus, níos deacra fós, í a thabhairt do na leanaí.

An dátheangachas

Plé

An bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach? Pléigh leis na daoine eile i do ghrúpa.

“Is iad na daoine a tógadh go dátheangach na haistritheoirí is fearr ar domhan.”

“Ní mheascann daoine atá dátheangach na teangacha le chéile ina gcuid cainte ar chor ar bith. Má mheascann ní féidir a rá go bhfuil siad dátheangach.”

“Ba cheart teanga amháin a mhúineadh do leanbh i gceart ar dtús, agus ansin an dara teanga a mhúineadh don leanbh sin.”

“Ní bheidh an té a tógadh go dátheangach compordach i gceachtar teanga, beidh an duine sin i gcónaí idir dhá chultúr.”

“Cuireann an dátheangachas mearbhall ar pháistí agus ní bhíonn páistí dátheangacha chomh cliste céanna le páistí a bhfuil teanga amháin acu.”

© Ollscoil Mhá Nuad

Bileog 7.2b

An dátheangachas

Plé/Stór focal

Seo an chéad líne d'alt ón *Irish Times* a bheidh tú ag léamh ar ball - **'Tá síceolaithe agus teangeolaithe ag cur suime anois sa bhaint atá ag teangacha leis na mothúcháin.'**

Cad é ábhar an ailt dar leat? Pléigh leis an duine in aice leat.

Anois léigí an t-alt – nuair a bheidh sibh ag léamh, déanaigí iarracht brí na bhfocal seo a aimsiú trí chomhthéacs an ailt:

ciontacht
feiniméan

siombóis
coimpléasc

feall
eachtrach

Briotáin

An dátheangachas

(Cuid B)

Léamh

Anois léigí an sliocht don dara huair. Agus sibh ag léamh cuirigí an fhoirm cheart de na focail thíos sa tuiséal ginideach, uimhir uatha. Tá bearnaí difriúla le líonadh ag an bheirt eile taobh libh - beidh sibh ag plé na bhfocal ar fad le chéile ar ball.

1. an tsráid

2. an scoil

3. an rachmas

4. an tromlach

5. eacnamaíocht

6. an croí

7. an duine

8. Éire

9. an Fhraincis

Is ionann an teanga dhúchais agus teanga an chroí



*Tugann teangacha eolas an bhealaigh dúinn ach tá níos mó ná sin i gceist leo; cuireann teangacha mothúcháin in iúl agus tá síceolaithe agus teangeolaithe ag cur suime anois sa bhaint idir teangacha agus mothúcháin. Tuairisc le **Torlach Mac Con Midhe***

Cuid B

Ní hamháin go ndéanann na páistí 'dearmad' ar theanga a dtuismitheoirí agus go bhfoghlaímíonn siad teanga (1) _____ agus (2) _____, ach go ndéanann na tuismitheoirí 'dearmad' uirthi freisin - éiríonn siad níos líofa sa teanga nua, toisc go mbíonn siad á labhairt gach lá, fiú lena bpáistí féin. Ansin ar deireadh thiar is í an dara teanga teanga an chroí, ní an teanga dhúchais. Go minic freisin bíonn saghas náire ar inimircigh faoina dteanga dhúchais, agus meas acu ar an dara teanga toisc gurbh í sin teanga (3) _____ agus an dul chun cinn sóisialta. Bíonn mothúcháin de gach sórt ag daoine faoin teanga dhúchais, faoin dara teanga, faoi theanga na ndaoine eile. Bíonn bród, grá, dílse ann, ach fuath, náire agus ciontacht freisin. Bíonn treise faoi leith ag na mothúcháin i gcás teangacha mionlaigh. Nuair a bhíonn sé d'iachall ar lucht teanga mionlaigh bheith dátheangach agus teanga (4) _____ á foghlaim acu, bíonn siombóis de shaghas áirithe ann idir an dá theanga.

Toisc gurbh í an dara teanga teanga gnó, oibre agus (5) _____, ní bhíonn sa teanga dhúchais ach teanga (6) _____, teanga a úsáideann an cainteoir i gcaidreamh lena chlann agus lena mhuintir féin. Bíonn mothúcháin áirithe ann freisin faoin teanga dhúchais i measc na gcainteoirí. Bíonn siad dílis don teanga, nó déanann siad feall uirthi nuair a chaitheann siad uathu í. Bíonn bród acu aisti, nó náire orthu fúithi.

Cailítear na mionteangacha go héasca. Féach mar a tharla sa Bhriotáin. Go hiondúil ansin is cainteoirí dúchais iad na seantuismitheoirí, tá na tuismitheoirí dátheangach agus níl ach Francis ag na daoine óga. Níor thug na tuismitheoirí an Bhriotáinis dóibh toisc náire bheith orthu fúithi, ach ní 'teanga an chroí' dóibh an Fhraincis ach oiread. Dá bharr sin, ní fhoghlaimíonn an t-aos óg 'teanga an chroí' ar bith agus ar deireadh thiar thall ní féidir leo a gcuid mothúcháin a chur i bhfocail in aon teanga. Tugann síceolaithe "alexithymie" ar an bhfeiniméan sin: gan a bheith ar chumas (7) _____ a chuid mothúchán a chur in iúl sa chaint.

Agus muintir (8) _____ ? Níl aon taighde déanta ar an gceist seo go bhfios dom, ach tá sí suimiúil go leor. Tá bród ar na hÉireannaigh as an Bhéarla bheith ar a dtoil acu, ach tá náire orthu (cé nach n-admhaíonn siad é) nach gcleachtann siad an Ghaeilge. Tá siad go maith ag teanga na sean-namhad, ach tá siad go dona ag a dteanga náisiúnta féin. An teanga a labhraíonn siad, ní leo í, agus an teanga gur leo í, ní labhraíonn siad í. Pé scéal é, don chuid is mó in Éirinn, le 150 bliain anois, is é an Béarla teanga an chroí, ní an Ghaeilge. Tá a lán mothúchán ag baint leis an Ghaeilge ag an am céanna. Bíonn bród ar dhaoine aisti fiú muna bhfuil sí i gceart acu féin. Bíonn siad 'dílis' di, nó déanann siad 'feall' uirthi.

Is é is dóichí go bhfuil coimpléasc faoi na teangacha ag na daoine in Éirinn i ngan fhios dóibh féin: bíonn náire agus ciontach orthu toisc nach labhraíonn siad a dteanga náisiúnta féin, ach tá bród orthu go bhfuil an teanga eachtrach foghlamtha chomh maith acu - mar shampla, go bhfuil cuid mhaith de scríbhneoirí móra an Bhéarla sa nua-aois ina nÉireannaigh. Ach nár mhiste a rá go raibh a gceol trína chéile faoi cheist na dteangacha ag cuid de na scríbhneoirí céanna? Smaoinigh ar Joyce ag imeacht thar lear agus ag cur faoi san Eilvéis, Beckett mar an gcéanna i bPáras agus é ag dul i muinín (9) _____. Cinnte go bhfuil tuilleadh le rá ar an ábhar casta seo...

An dátheangachas

Plé

An bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach? Pléigh leis na daoine eile i do ghrúpa.

“Is iad na daoine a tógadh go dátheangach na haistritheoirí is fearr ar domhan.”

“Ní mheascann daoine atá dátheangach na teangacha le chéile ina gcuid cainte ar chor ar bith. Má mheascann ní féidir a rá go bhfuil siad dátheangach.”

“Ba cheart teanga amháin a mhúineadh do leanbh i gceart ar dtús, agus ansin an dara teanga a mhúineadh don leanbh sin.”

“Ní bheidh an té a tógadh go dátheangach compordach i gceachtar teanga, beidh an duine sin i gcónaí idir dhá chultúr.”

“Cuireann an dátheangachas mearbhall ar pháistí agus ní bhíonn páistí dátheangacha chomh cliste céanna le páistí a bhfuil teanga amháin acu.”

© Ollscoil Mhá Nuad

Bileog 7.2c**Tíortha agus Teangacha****Gramadach**

Líon na bearnaí sa bhosca thíos leis an fhoirm cheart den fhocal. Tá an chéad cheann déanta duit.

	An tír	An teanga	An t-ainmfhocal
Tuiseal Ginideach	<i>An Ghearmáin na Gearmáine</i>	<i>An Ghearmáinis na Gearmáinise</i>	<i>An Gearmánach an Ghearmánaigh</i>
Tuiseal Ginideach	An Ostair		
Tuiseal Ginideach		An Béarla	
Tuiseal Ginideach		An Spáinnis	
Tuiseal Ginideach	An Airgintín		
Tuiseal Ginideach		An Phléimeannais	
Tuiseal Ginideach			An Francach
Tuiseal Ginideach	An Bhriotáin		
Tuiseal Ginideach			An tÉireannach

Anois, féach an raibh na freagraí céanna ag an duine in aice leat.

© Ollscoil Mhá Nuad

Bileog 7.3

Canúintí

Plé

Beidh tú ag éisteacht le míreanna nuachta ar ball. Sula n-éisteann tú leo áfach, pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An éisteann tú leis an nuacht gach lá? Cén nuacht agus cén fáth an nuacht sin?
2. Cad atá ar eolas agat faoi Raidió na Gaeltachta agus TG4? Cad é an difríocht eatarthu dar leat?
3. Conas a chloiseann tú faoi scéalta áitiúla i do cheantar féin? Nuachtán? Raidió? Teilifís?

Canúintí

Éisteacht

Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo thíos atá le cloisteáil i ngach mír. An féidir libh ábhar na míreanna a thomhas bunaithe ar na focail? Ansin éistigí leis na míreanna le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Mír 1	Mír 2	Mír 3
bord scrúdaithe bád iascaigh beilt sábháilteachta suncáil	fear le púicín grán-ghunna siopa mála le hairgead	comhlacht fuinnimh feirmeacha gaoithe Carna leictreachas

Pléigí na ceisteanna seo le chéile anois:

- (a) Cén chanúint atá i ngach mír?
- (b) Cén chanúint a bhfuil an deacracht is mó agat féin léi? Cén fáth?
- (c) Féach ar na focail seo sa bhosca – abair cén chanúint lena mbaineann siad agus tabhair leagan eile de na focail sna canúintí eile. Tá an chéad cheann déanta duit:

C ____	C ____	C ____
<i>tar éis</i>	<i>tar éis</i>	i ndiaidh
_____	an iomarca	_____
le haghaidh	_____	a dhruid
_____	cad ina thaobh?	_____
i ngar do	_____	_____

- (d) Cuirtear béim ar shiollaí difriúla i bhfocail sna canúintí éagsúla - cá leagtar an bhéim? Féach ar na focail seo a bhí le cloisteáil sna míreanna agus cuir líne

faoin siolla ar a leagtar an bhéim sna canúintí éagsúla. Abair amach gach focal i ngach canúint ansin!

CC
cruinniú
freastalaí
scipéir

CM
cruinniú
freastalaí
scipéir

CU
cruinniú
freastalaí
scipéir

© Ollscoil Mhá Nuad

Bileog 7.4a**Oideas Gael****Eolas**

Beidh tú ag obair i ngrúpa. Beidh oraibh cur i láthair a ullmhú don chéad rang eile faoin scoil Ghaeilge *Oideas Gael* i nGaeltacht Dhún na nGall. Tá ceathrú uaire agaibh anois sa rang seo le plé a dhéanamh ar conas a bhaileoidh sibh eolas don chur i láthair agus conas a eagróidh sibh an obair. Bígí cinnte go bhfuil freagraí na gceisteanna seo thíos ar fad agaibh don chur i láthair.

Cén uair a bheidh an chéad chúrsa eile ag tosú?

An mbeidh aon dianchúrsa nó cúrsa ardleibhéil / bunleibhéil / meánleibhéil ar siúl le linn shaoire na Cásca / an tsamhraidh?

An mbeidh cúrsa ar siúl aon am i mí Lúnasa?

An bhfuil bróisiúr na bliana seo chugainn ar fáil fós?

An féidir foirm iarratais a íoslódáil ón idirlíon?

Cad go díreach atá san áireamh sa phraghas?

An féidir íoc le cárta creidmheasa?

An bhfuil aon óstán / teach lóistín cóngarach don ionad?

An féidir leaba, bricfeasta agus dinnéar a fháil le teaghlach Gaeltachta nó an féidir teach féinfhreastail a roinnt le daoine eile ar an chúrsa?

Cén tslí is fearr le Leitir Ceanainn a bhaint amach?

Cén bealach is fearr le dul go Gleann Cholm Cille?

An bhfuil bus a théann díreach ó Ghaillimh go dtí an scoil?

An bhfuil rátaí speisialta acu do mhic léinn?

Cá háit go díreach a bhfuil an t-ionad suite?

An bhfuil an t-áras i bhfad ó lár an tsráidbhaile?

Bileog 7.4b**Áras Mháirtín Uí Chadhain****Eolas****Áras Mháirtín Uí Chadhain**

Beidh tú ag obair i ngrúpa. Beidh oraibh cur i láthair a ullmhú don chéad rang eile faoin scoil Ghaeilge *Áras Mháirtín Uí Chadhain* i nGaeltacht Chonamara. Tá ceathrú uaire agaibh anois sa rang seo le plé a dhéanamh ar conas a bhaileoidh sibh eolas don chur i láthair agus conas a eagróidh sibh an obair. Bígí cinnte go bhfuil freagraí na gceisteanna seo thíos ar fad agaibh don chur i láthair.

Cén uair a bheidh an chéad chúrsa eile ag tosú?

An mbeidh aon dianchúrsa nó cúrsa ardleibhéil / bunleibhéil / meánleibhéil ar siúl le linn shaoire na Cásca / an tsamhraidh?

An mbeidh cúrsa ar siúl aon am i mí Lúnasa?

An bhfuil bróisiúr na bliana seo chugainn ar fáil fós?

An féidir foirm iarratais a íoslódáil ón idirlíon?

Cad go díreach atá san áireamh sa phraghas?

An féidir íoc le cárta creidmheasa?

An bhfuil aon óstán / teach lóistín cóngarach don ionad?

An féidir leaba, bricfeasta agus dinnéar a fháil le teaghlach Gaeltachta nó an féidir teach féinfhrestail a roinnt le daoine eile ar an chúrsa?

Cén tslí is fearr leis an Cheathrú Rua a bhaint amach?

Cén bealach is fearr le dul go Gaillimh?

An bhfuil bus a théann díreach ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh?

An bhfuil rátaí speisialta acu do mhic léinn?

Cá háit go díreach a bhfuil an t-ionad suite?

An bhfuil an t-áras i bhfad ó lár an tsráidbhaile?

Bileog 7.4c

Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Eolas



Beidh tú ag obair i ngrúpa. Beidh oraibh cur i láthair a ullmhú don chéad rang eile faoin scoil Ghaeilge *Oidhreacht Chorca Dhuibhne* i nGaeltacht Chiarraí. Tá ceathrú uaire agaibh anois sa rang seo le plé a dhéanamh ar conas a bhaileoidh sibh eolas don chur i láthair agus conas a eagróidh sibh an obair. Bígí cinnte go bhfuil freagraí na gceisteanna seo thíos ar fad agaibh don chur i láthair.

Cén uair a bheidh an chéad chúrsa eile ag tosú?

An mbeidh aon dianchúrsa nó cúrsa ardleibhéil / bunleibhéil / meánleibhéil ar siúl le linn shaoire na Cásca / an tsamhraidh?

An mbeidh cúrsa ar siúl aon am i mí Lúnasa?

An bhfuil bróisiúr na bliana seo chugainn ar fáil fós?

An féidir foirm iarratais a íoslódáil ón idirlíon?

Cad go díreach atá san áireamh sa phraghas?

An féidir íoc le cárta creidmheasa?

An bhfuil aon óstán / teach lóistín cóngarach don ionad?

An féidir leaba, bricfeasta agus dinnéar a fháil le teaghlach Gaeltachta nó an féidir teach féinfhreastail a roinnt le daoine eile ar an chúrsa?

Cén tslí is fearr leis an Daingean a bhaint amach?

Cén bealach is fearr le dul go Baile na nGall?

An bhfuil bus a théann díreach ón Daingean go Trá Lí?

An bhfuil rátaí speisialta acu do mhic léinn?

Cá háit go díreach a bhfuil an t-ionad suite?

An bhfuil an t-áras i bhfad ó lár an tsráidbhaile?

© Ollscoil Mhá Nuad